

Tánag d'Fhánaid an einigh

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 27]

Giolla na Naomh Ó hUiginn .cc.

1 Tánag d'Fhánaid an einigh  
Magh Aoi [mo] lorg láindeimhin;  
glór mín dlighim re gach ndreim  
sirim gach tír fo thuairim.

2 Céillidh gach aon bhíos i mbroid  
..... deach fear ag Fánoid;  
mór broid gach dheighfhir re dán,  
goid an einigh don abhrán.

3 Is é an t-abhrán ro fhalaigh  
a n-éadáil a n-ealadhain;  
do sgar an daghdhán re a dhath  
abhrán ban agus bhachlach.

4 Le ríoghaibh caigillte an chruidh  
nach tabhair treas ar mianaibh  
binne an chliar abhrán [n-olcach]  
's an camdhán fiar fíorlochtach.

5 [ 'Siad a nduasa] a ndúthaigh dáibh  
biadh [ó n-a mbairdne] d'aghbháil;  
mór an ceannach ar a gcuid,  
ór ná heallach ní iarraid.

6 Sgárrlóid ór is eich is ba  
duasa deaghaosa dána;  
a n-éadáil mhór - ní muirn bheag -  
cuirn agus ór is airgead.

7 Cliar ag cách rinne ghá rádh  
cliar re . . . an abhrán  
gach file binn dá bhádhadh,  
tinn lem chridhe is comhthlámadh.

8 Do-rinneadh creach nach cóir dhi  
- ní théid rinn anadh [uirre] -  
dá dtrian bhó is each is arradh;  
ní mó creach dá gcualabhar.

9 Dá dtrian ionnmhais Inse Fáil  
fheacht eile rob í ar n-éadáil;  
ba fairbríogh, ba boing re baois,

boill na n-airdríogh ro iarrmaois.

10 Maol Seachlainn Gabhrán do ghuin,  
aonshúil Eochadha d'iarraidh,  
gor shir sinn saoghul Mo-Bhí  
nír daoradh inn fa éinní.

11 Sa Bhréifne ní beag a rath  
[ag] cloinn Bhriain mhóir mheic Eachach,  
re lá gan deibheach re dáimh  
a-tá an t-eineach ar admháil.

12 Oireacht meanmnach Maighe Sléacht,  
Teallach n-Eachach na n-airdéacht,  
síothmhagh ar a sill gach neach  
do díochradh inn an t-eineach.

13 Do creachadh [i n-]Inis Fháil  
re fios an einigh d'aghbháil;  
an fhéile mar do fhuair cor  
do-chuaidh Éire as a hionadh.

14 Teallach n-Eachach na n-arm nglas  
[gan] an eineach ná an ionnmhas,  
deighfhir gan eallach gan ór,  
teallach an einigh dh'adógh.

15 Tomás mhac Briain bhriseas cath  
is é triath Teallaigh Eachach;  
fear grádha inn n-a aireacht,  
dána linn a lorgaireacht.

16 Ní fhuil más fhíor don fhior sgeoil  
- nocho triall i dtír n-aineoil -  
ó bhord [Mhuaidhe is Mhuighe Aoi]  
uainne acht madh uidhe aonlaoi.

17 Dodhola ar fud na Fódla  
ar gcíos [cáir dá] chomhfhógra;  
sgéal truagh mar tharla an t-eineach,  
ag sluagh Bhanbha is beigeineach.

18 'Na chion féin fuair a ghabháil  
ag Mág shoichleach Shamhradháin;  
ón té gar chóir a chagar  
nocho dóigh é d'fhuaslagudh.

19 Easbhaidh bhó is ionnmhuis is each  
ar a thír tug an t-eineach

- téigheadh fa chrodh mar [ro] chleach  
's nír ghon éinfhear don oireacht.

20 Is ríoghdha rugadh an bhreath  
ag mac Bhriain Bheinne Coilceach,  
ár ar chrodh gé do chuir sin,  
is gan dol fa fhuil an einigh.

21 Fíor mo ghuth re géig bhFinne  
- maith fuigheall na fírinne -  
“Do-ghéabh loghadh ar brú bháis  
acht go molar thú, a Thomáis.”

22 Teallach n-Eachach na n-each ngeal  
teine bheo nachar báidheadh;  
bristear ar chách gach cath leo,  
a rath go bráth bidh bitbheo.

23 Mac meic Dhonnchaidh Dúin Uisnigh  
fhadós teine an teallaighsin;  
a bhronnadh mar ghual ngairthe  
connadh buan a beathaighthe.

24 Athair Tomáis tug gach maidhm,  
Brian Breaghach rob é a fhorainm;  
ba Brian Breaghach im cheann gcreach  
an seadhach fial seang suirgheach.

25 Ríoghraidh Teamhrach tuaithe Breagh  
is iad sgath gléire Gaoidheal;  
ar fhud Bhanbha cian ro clas  
a dtarra i mBrian dá mbreaghas.

26 Breaghdhacht tar gach neach fo nimh  
is [don] ríoghraidhsin ráidhtir;  
a rádh re neach im ní olc  
ní hí ar mbreath ar an mbreaghocht.

27 Is í an bhreaghdhacht gi bé i mbeath  
gaisgeadh is uail is eineach;  
ag sin triar nar thrí lochta  
do bhí i mBrian na breaghdhocta.

28 Ceirde a athar ó [do] fhás  
meabhrach a-táid ag Tomás;  
an triur ro bhaoi i mBrian ón bhruigh  
dlaoi ar an triar [nocha] thugsun.

29 Gaisgeadh is eineach is uail

san fhearchoin éachtaigh armruaidh;  
n-a dhiaidh leanas - 's ní dá locht -  
breaghas Briain is a bheodhocht.

30 An fód fíreonach i bhfuil  
is dá cheinéal cleath Lughmhaigh;  
suithneart san úir as ar fhás  
do chruithneacht a túir Tomás.

31 Ríoghan chongháireach caithmheach  
a thír duasbhog deaghaithneach;  
a fíodh ná a talamh ní thug  
a dtaradh acht d'fhíor fhialbhug.

32 A thuath ní théid ar a muin  
marcach ainfhial nach easguir;  
tír na ngeileach 's na ngreagh seang  
fear gan eineach ní fhuilngeann.

33 Dá thír is fearta féile  
freasdal churadh Coirshléibhe,  
íodhna a thuath nar chnaoi bha chradh  
is gnaoi í Dhuach fan domhan.

34 Liaide uisge a ól go beacht  
dála an uarán gá oireacht;  
bronnadh cruídh gan chruas do chách  
is suas do chuir a chonách.

35 Eineach orra gá fhuráil  
is binn le síol Samhradháin;  
neach do mhéadaigh miadh na ndámh  
gá riar ag géagaibh Gabhrán.

36 Ní uil is ní bhia is dá mbeath  
fear don aicme gan eineach  
- comhartha a síl is sé riamh -  
ní díbh é dámadh ainfhial.

37 Gach [cuaine] thaobhthrom thorrach  
gealál déadbhán dearclonnach;  
an tír i n-ionbhaidh a hoir  
bídh re hiongnaibh gá hiarraidh.

38 Mórsháith tánaisde a thíre  
beag nar bháidh clú a choimhdhíne;  
docair do dhamhna faoi fás  
is an gnaoi tarra ar Tomás.

39 Mairg do-ní fraochdhacht ná fearg  
ris an ngruadh gcorcra gcaoillearg;  
mo ghéanar neach do-ní tlás  
dá mbeath ar a thí Tomás.

40 Mac Briain Mhéig Shamhradhán shaoir  
a lucht deabhtha ro dhiansgaoil,  
gach greas dá ghreasaibh re gha  
gá mheas re treasaibh Tána. Tánag

41 Nualaith Bhreagh, buime na gcliar,  
bainmheirleach einigh Oirghiall,  
ar muin mhná Eine n-a heoch  
a-tá a heire don eineoch.

42 An t-eineach n-a fhior ghrádha  
gun gheanmnaidh réidh rosgmhála;  
a crodh mar ro chleacht ro chaith  
nó gor ghabh neart ag Nualaith.

43 Inghean Mhéig Uidhir ucht bán,  
glac mhéirgheal amlas uchtán,  
gach eang greanta ó ghéis Chabha  
mar shneachta ar éis fheartana. Tánag

44 Tánag d'athchur Fhódla air,  
Aodh Ó Domhnaill Dúin Bhalair,  
gealltair do rígh Fáil i bhfad  
cáin as gach thír a dtánag.